
NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Iníon

## Dán le hÁine Durkin



# Clár


Réamhrá iii

Tascanna Réamhléitheoireachta 01

Tascanna le linn dul i ngleic le véarsaí an dáin 04

Teanga, téamaí agus teicnící filíochta an dáin 09

Measúnú suimitheach 17

# Fáilte chuig treoir teagaisc ar 'Iníon' (dán le hÁine Durkin)

Is acmhainn í seo chun tacú leis an oide agus leis an scoláire araon agus iad ag dul i ngleic leis an dán 'Iníon' don Fhilíocht Chomónta Ainmnithe do Ghaeilge na hArdteistiméireachta (mar a fógraíodh i gCiorclán 0070/2024).

## Teagasc

- **Treoir.** Cuirtear treoir agus ábhar tacaíochta ar fáil san acmhainn seo chun dul i ngleic le staidéar ar an dán ar mhaithe le scileanna teanga an scoláire a fhorbairt chomh maith le forbairt a dhéanamh ar an réamhthuiscint atá ag an scoláire ar sheánra na filíochta.
- **Rogha leathan tascanna.** Tá rogha leathan tascanna ar fáil san acmhainn chun tacú leis an teagasc. Tugann sé seo deis don mhúinteoir roghnú eatarthu de réir mar a fheileann do riachtanais foghlama na scoláirí ina rang féin.
- **Scileanna teanga éagsúla na scoláirí a fhorbairt.** Tá rogha leathan tascanna i gceist san acmhainn, idir thascanna ó bhéal, thascanna léitheoireachta agus tascanna scríofa.
- **Difreáil.** Tacaíonn an réimse leathan tascanna leis an múinteoir pleanáil don difreáil laistigh den rang.
- **Measúnú.** Tá béim ar an measúnú foirmitheach sna codanna den acmhainn a dhíríonn ar ghnéithe ar leith den dán. Tá béim ar an measúnú suimitheach sa chuid dheireanach den acmhainn.
- **Tacú leis an teagasc ag tréimhse athbhreithnithe.** De bharr líon na dtascanna san acmhainn, nuair a thagann sé chuig tréimhse dul siar (roimh scrúdú, mar shampla) beidh deis ag an múinteoir roghnú idir tascanna nár thug siad fúthu an chéad uair.
- **Aistriú eolais.** Tascanna a thacaíonn leis an múinteoir deiseanna a chur faoi bhráid an scoláire chun an fhoghlaim a aistriú chuig comhthéacsanna eile, scil atá fíorthábhachtach ag leibhéal na sraithe sinsearaí.

## Foghlaim

- **Scileanna labhartha an scoláire a fhorbairt.** Tá béim ar leith ar an obair bheirte, ar obair ghrúpa agus ar phlé ranga san acmhainn. Tacaíonn sé seo leis an scoláire a scileanna labhartha Gaeilge a fhorbairt ar bhealaí éifeachtacha agus taitneamhacha trí dhul i ngleic le staidéar ar an dán.
- **Cleachtaí teanga / cleachtaí gramadaí praiticiúla.** Tá tascanna ar leith a thugann deis don scoláire a thuiscint ar bhriathra, ar aidiachtaí agus ar struchtúir leis an gcopail 'is' a chleachtadh.
- **Stór focal agus saibhreas teanga.** Tá tascanna ag gabháil leis an acmhainn a dhíríonn ar bhunstór focal agus cinn eile ar shaibhreas teanga an scoláire a fhorbairt.
- **Feasacht teanga.** Tá ranna ar leith tríd an acmhainn atá dírithe ar an bhfeasacht teanga (forbairt ar thuiscint an scoláire ar conas a fheidhmíonn an Ghaeilge mar theanga) mar shampla: tascanna bunaithe ar litriú, ar chomhréir, ar mhothúcháin a chur in iúl, ar chanúintí agus ar go leor rudaí eile.
- **Tuiscintí litríochta agus teicnící filíochta.** Tá míreanna agus tascanna san acmhainn bunaithe ar ghnéithe den fhilíocht a chíoradh. Tugtar deis don scoláire téamaí, íomhánna, friotal (teanga), véarsaí, rithim agus rím a phlé chomh maith le deiseanna chun an taitneamh (nó a mhalairt) a bhaineann leis an dán a léamh a chur in iúl.
- **Saoltaithí an scoláire agus ionannú le carachtar sa dán / le mothúcháin / le téama.** Tugtar deis don scoláire cosúlachtaí / difríochtaí a aithint idir gnéithe den dán agus saoltaithí / léargais an duine óig.
- **Measúnú.** Tá réimse leathan ceisteanna measúnaithe fhoirmithigh san acmhainn chun tacú le foghlaim an scoláire. Anuas air sin, cuirtear rogha leathan ceisteanna / tascanna ar fáil, idir ghníomhaíochtaí ó bhéal agus ghníomhaíochtaí scríofa, chun measúnú suimitheach a dhéanamh ar scileanna agus ar thuiscintí forbartha an fhoghlaimeora.

# 'Iníon', dán le hÁine Durkin

## 1. Réamheolas ar an bhfilíocht mar sheánra

*Chun deis a thabhairt do scoláirí bunstór focal agus téarmaí na filíochta a thabhairt chun cuimhne, a chleachtadh agus a fhorbairt*

### (a) Taithí ar an bhfilíocht. Obair bheirte ó bhéal

Cuirigí na ceisteanna seo a leanas ar a chéile faoi bhur dtaithí ar an bhfilíocht sa rang Gaeilge go dtí seo:

- Cé na dánta a ndearna tú staidéar orthu don tsraith shóisearach (nó don Idirbhliain)?
- Ar thaitin na dánta sin leat? Cén ceann a b'fhearr leat? Cad é a thaitin leat faoin dán sin - an téama, na híomhánna nó rud ar bith eile? Inis dom faoi sin.
- An raibh aon dán a ndearna tú staidéar air nár thaitin leat? Cén fáth?

### (b) Seánra na filíochta

- Roghnaigh **Tasc A: Néal Focal** nó **Tasc B: Stór focal a mheaitseáil le brí**. Ansin tabhair faoi Thasc C.

**Tasc A:** Néal focal Obair ghrúpa nó plé ranga

Cuirigí le chéile liosta stór focal / nathanna atá ar eolas agaibh cheana féin maidir le seánra na filíochta. Is féidir é seo a dhéanamh ar an gclár bán mar rang-ghrúpa, ar bhileog i ngrúpaí beaga nó ag baint leasa as aip.

**Tasc B: Meaitseáil stór focal a bhaineann leis an bhfilíocht lena bhrí.** Obair aonair

(i) Seiceáil do chuid tuisceana ar an stór focal thíos trí théarma filíochta i gColún A a mheaitseáil lena bhrí i gColún B.

(ii) Nuair atá tú réidh, seiceáil na freagraí atá agat le freagraí do pháirtí / leis an rang-ghrúpa.

| Colún A: Stór focal | | Colún B: Brí |
|---|---|---|
| File | 1 | Mír sa dán; is féidir líon éagsúil línte a bheith i gceist sa mhír |
| Friotal | 2 | Nuair a bhíonn léibhéil éagsúla brí le baint as caint / dán / téacs litríochta. |
| Véarsa | 3 | Nuair atá fuaim an fhocail i lár líne amháin sa dán cosúil le fuaim ag deireadh na líne sin (nó cosúil le fuaim i lár líne eile) |
| Rím deireadh líne | 4 | Dánta |
| Íomhá | 5 | Ábhar an dáin |
| Ag mothú | 6 | Duine a scríobhann dánta |
| Íoróin | 7 | Nuair atá fuaim an fhocail ag deireadh líne amháin sa dán cosúil le fuaim ag deireadh líne eile |
| Rím inmheánach | 8 | Ag aireachtáil / Ag brath |
| Filíocht | 9 | Pictiúr a tharraingíonn an file trí na focail a úsáideann sé / sí |
| Téama | 10 | Na focail nó an cineál teanga a úsáideann an file |

**Tabhair faoi deara:** Breac nótaí faoin stór focal agus faoi na nathanna a chabhraigh leat nó a d'fhoghlaim tú sa ghníomhaíocht seo. Is fiú nótaí foghlama a bhreacadh i do leabhar nótaí tar éis gach tasc a dtugann tú faoi.

*Chun spéis scoláirí a mhúscailt sa dán atá rompu amach agus nasc a dhéanamh lena saoltaithí féin*

## 2. Teideal an dáin

### (a) Tasc labhartha. Obair bheirte / plé ranga

Roghnaigí na **buncheisteanna amháin** a fhreagairt **NÓ** na **buncheisteanna agus na ceisteanna breise** chomh maith.

**Buncheisteanna**

- 'Iníon' is teideal don dán seo. An cailín nó buachaill atá i gceist mar ábhar an dáin, meas sibh?
- Tabhair buille faoi thuairim cén aois atá ag an iníon seo? Cén chúis atá agaibh leis an tuairim sin?
- Meas sibh, cén gaol atá ag an duine atá ag labhairt sa dán leis an duine atá i gceist sa teideal?

**Ceisteanna breise**

- 'Iníon' is teideal don dán seo. Scríobhadh an dán ó pheirspictíocht duine eile seachas ó pheirspictíocht na hiníne, áfach. Tabhair buille faoi thuairim cén gaol atá idir na carachtair sa dán seo.
- Tabhair buille faoi thuairim cé na mothúcháin atá i gceist sa dán seo?
- An bhfuil aon dán eile ar eolas agat (as Gaeilge nó i dteanga eile) mar gheall ar ghaol idir daoine éagsúla sa teaghlach céanna? Cén teideal a bhí ar an dán sin? Cén gaol a bhí idir an file agus an duine eile sa dán a roghnaigh tú?

### (b) Portráid an fhile. Tasc taighde aonair agus obair ranga

- **Suíomh gréasáin cabhrach.** Tá eolas mar gheall ar scríbhneoirí comhaimseartha na Gaeilge ar fáil ar an suíomh idirlín *Portráidí*. Is acmhainn áisiúil í chun taighde a dhéanamh ar údair phróis, ar fhilí, ar dhrámadóirí, ar úrscéalaithe agus ar iriseoirí atá ar chúrsa Gaeilge na hArdteistiméireachta.

  **https://portraidi.ie/ga**

  *Nasc le caoinchead thogra Phortráidí na Scríbhneoirí Gaeilge.



- Tasc ó bhéal. Féachaigí ar an ngrianghraf d'Áine ar dtús (le caoinchead thogra Phortráidí na Scríbhneoirí Gaeilge). Déanaigí cur síos uirthi.
  - Cén aois í (do thuairim uait roimh bhreathnú ar an suíomh idirlín)?
  - Cén bhliain inar rugadh í? (Luaite ar an suíomh; nasc thíos.)
  - Cén dath atá ar a cuid gruaige agus ar a súile?
  - Déanaigí cur síos ar na héadaí atá á gcaitheamh aici.
  - Cén gotha gnúise (cuma / dreach) atá uirthi sa phortráid seo, dar libh?
  - Cén saghas duine í, meas sibh, mar a léirítear sa ghrianghraf seo í?



**Feasacht teanga: Struchtúir chabhracha chun tuairim a chur in iúl**

Measaim gur duine ____________ í mar ____________
Tá an chuma uirthi gur duine ____________ í mar ____________

**Sampla:** Tá an chuma uirthi gur duine féinmhuiníneach í mar caitheann sí éadaí a bhfuil dathanna geala orthu.

## (c) Cúlra an fhile. Léamh agus scríobh.

Seo é an nasc chuig portráid (grianghraf) agus beathaisnéis Áine Durkin, le caoinchead thogra Phortráidí na Scríbhneoirí Gaeilge:

**https://portraidi.ie/ga/aine-durkin**

Roghnaigh idir **Tasc A** agus **Tasc B** thíos.

### Tasc A: Fíor nó Bréagach

- Léigh an sliocht faoi shaol Áine ar *Portráidí*:
- Abair an bhfuil na ráitis thíos Fíor nó Bréagach agus tacaigh le d'fhreagra trí líne as an sliocht ar *Portráidí* a bhreacadh i gColún 3.

| | Cur síos ar imeachtaí an tsleachta | Colún 2 Fíor nó Bréagach? | Colún 3 Breac líne as an sliocht ina léirítear an fhíric ábhartha |
|---|---|---|---|
| 1 | Rugadh Áine i gConamara. | | |
| 2 | Tá sí fós ina cónaí i gCo. na Gaillimhe. | | |
| 3 | Scríbhneoir í a bhfuil aitheantas bainte amach aici dá saothar. | | |
| 4 | Scríobhann sí blag ar líne faoi fhilí eile. | | |
| 5 | D'fhreastail sí ar Ollscoil na Gaillimhe. | | |
| 6 | Tá dán scríofa aici in ómós dá deirfiúr. | | |

**Tasc B: Alt a scríobh ar shaol agus ar shaothar an fhile.** Scríobh d'alt gairid féin faoin bhfile ag insint **trí rud** faoina saol pearsanta agus ag cur síos ar **thrí rud** faoina saol mar údar próis, mar chumadóir amhráin agus mar fhile.

**Feasacht teanga: Briathra cabhracha**

**Saorbhriathar (briathar saor) san aimsir chaite:** rugadh, bronnadh, craoladh, cailleadh

**Briathra san aimsir chaite:** d'fhreastail, bhain, chum, fuair

**Briathra san aimsir láithreach:** cónaíonn, scríobhann, cumann, cuireann

# Tascanna le linn dul i ngleic le véarsaí an dáin

## 1. An chéad chúpla éisteacht leis an dán (agus/nó an dán a léamh)

*Ar mhaithe le taitneamh, buntuiscint agus freagairt phearsanta tosaigh*

Is téacs éisteachta é gach dán chomh maith le téacs le léamh. Ní mór éisteacht leis an dán á léamh (nó é a léamh os ard tú féin) chun teacht ar bhuntuiscint ar an téacs agus chun ligint d'fhocail an dáin dul i bhfeidhm ort.

### (a) Ag éisteacht leis an dán agus freagairt phearsanta tosaigh

Éist leis an múinteoir / duine eile as an rang agus an dán á léamh os ard acu (nó léigh an dán os ard tú féin). Ansin abair:

- Cén t-eolas / cé na pointí ginearálta a phiocann tú suas an chéad uair a chloiseann tú an dán? Focail aonair? Abairtí? Imprisean ginearálta nach bhfuil tú cinnte faoi go fóill?
- Cé mhéad duine atá 'ag caint' sa dán seo, dar leat? Cén gaol atá eatarthu, meas tú?

**Tabhair faoi deara:** Is leor buntuiscint agus tuairimí an-simplí ag an bpointe seo.

### (b) Éist leis an dán arís

- An uair seo, an gcloiseann tú focail / nathanna eile a thuigeann tú? Cad iad?
- An bhfuil a fhios agat anois cé hiad na daoine atá ag caint sa dán agus an gaol atá eatarthu?
- An bhfuil siad sásta nó míshásta lena chéile? Cá bhfios duit?

**Nóta don mhúinteoir:** Tá an bhéim ar an gcumarsáid ó bhéal agus ar mhúscailt spéise in ábhar an dáin sa tasc luath seo. D'fhéadfadh scoláirí buille faoi thuairim (bíodh siad ceart nó mícheart) agus smaointe an-simplí a roinnt ag an bpointe seo. Tógfar ar an gcruinneas tuisceana de réir a chéile.

### (c) Feasacht teanga: Canúint an fhile

Scríobh an file an dán seo ina canúint féin. Muna bhfuil an t-alt faoi Áine Durkin ar www.portraidi.ie léite agat cheana féin, téigh chuige anois chun cuidiú leat an chéad chúpla ceist thíos a fhreagairt. Cabhróidh an tasc thíos leat chun foclaíocht an dáin a thuiscint.

- Cár rugadh an file?
- Cén chanúint atá aici, mar sin?

Seo thíos cúpla sampla de chanúint an fhile sa dán:

| Canúint Chonamara agus an Ghaeilge chaighdeánach |
|---|
| a'm = agam |
| a'd = agat |

- An bhfuil tú in ann teacht ar chúpla sampla eile de chanúint an fhile ón dán?

| Canúint Chonamara agus an Ghaeilge chaighdeánach |
|---|
| = féin |
| = dom |

- Cén chanúint atá agat féin nó atá ag do mhúinteoir? Cad a déarfása nó cad a déarfadh do mhúinteoir i gcás na bhfocal a luaitear sna greillí thuas a ghabhann leis an tasc seo?

**Nóta don mhúinteoir:** Más feiliúnach do thuiscint agus do riachtanais foghlama na scoláirí, is féidir éisteacht le guth an fhile ar an suíomh www.portraidi.ie agus dán eile dá cuid á léamh aici ('Ciara na Gruaige Rua') mar acmhainn don fhorbairt tuisceana / chluastuisceana.

## 2. An dán a léamh go mion

Tá an dán seo scríofa i bhfoirm chomhrá idir máthair agus iníon. Is í an mháthair scéalaí an dáin. Eascraíonn an dán seo as cumarsáid idir scéalaí an dáin agus a hiníon. Ní gá gurb ionann scéalaí an dáin agus file an dáin. Ní fios dúinn an bhfuil an file ag scríobh faoina taithí phearsanta féin nó ag cur síos ar chás a shamhlaítear di.

### 2.1. Cíoradh ar Véarsa 1

**(i) Roghnaigh an bhrí cheart**

- Léigh véarsa a haon go ciúin i d'aonar.
- Cuir líne faoin mbrí (ar dheis) a bhaineann tú as focail an fhile i gcás gach líne sa véarsa (ar chlé):

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1 | **Tá deora i do shúile anois =** | Tá do shúile ag lonrú le háthas | Is léir go bhfuil tú ag gol |
| 2 | **ag do ráiteas gontach searbh =** | Tar éis do chuid cainte boirbe | Bhí tú ag labhairt go séimh liom |
| 3 | **"*Níl clue a'd, Mom!*" a dúirt tú liom =** | 'Ní thuigeann tú mé, *Mom*' | 'Ní maith leat mé, a mham.' |
| 4 | **'s tú ag iompú uaim le fearg. =** | Is tú ag tabhairt barróige dom le grá | Is tú ag casadh sa treo eile uaim |

**(ii) Mothúcháin**

**Plé ranga.** Freagraígí na ceisteanna seo a leanas.

- Cé atá ag labhairt sa chéad dá líne den dán? Cá bhfios daoibh?
- Cad a thugann an scéalaí faoi deara faoina hiníon?
- Cén aois í an iníon, dar libh? An páiste / déagóir / duine fásta í? Cuirigí cúis le bhur dtuairim.
- Cad a chuireann an chéad dá líne den dán in iúl dúinn faoin iníon? Céard iad na mothúcháin atá le feiceáil ag an bpointe seo sa dán?
- Féachaigí ar líne a trí arís. Cuirigí líne le peann luaidhe (nó le stíleas don táibléad) faoin méid atá le rá ag an iníon tar éis di argóint a bheith aici lena máthair. Cad a chuireann a cuid focal in iúl faoina dearcadh ar a máthair ag an bpointe seo?
- Cad a léiríonn an iníon faoin dearcadh atá aici ar a máthair, dar libh, nuair a iompaíonn sí a droim léi?
- Meas sibh, cén fáth a raibh an bheirt sa dán seo ag argóint? Cén t-ábhar achrainn a bhíonn ag déagóirí lena dtuismitheoirí / lena gcaomhnóirí, dar libh?

## 2.2 Cíoradh ar Véarsa 2

### (i) Roghnaigh an briathar ceart

Líon isteach na bearnaí thíos le rogha as an liosta **Briathra cabhracha** chun cur síos a dhéanamh ar smaoineamh na máthar i gcás gach líne i véarsa a dó:

| | | |
|---|---|---|
| 1 | **Bhí mise freisin i d'áitse tráth:** | ____________ a bheith cosúil leat fadó agus ag an tráth sin |
| 2 | **i mo dhéagóir meidhreach *cool*,** | ____________ go raibh mé iontach nua-aimseartha agus |
| 3 | **a cheap gur óinseach cheart an bhean** | ____________ go raibh mo mháthair féin amaideach |
| 4 | **a chuir cosa i dtaca romham.** | ____________ dom cead mo chinn a bheith agam. |

**Briathra cabhracha:** shíl mé | Is cuimhin liom | mar nár lig sí | shamhlaigh mé

### (ii) Cuimhní cinn

I véarsa a dó, cuimhníonn an mháthair siar ar laethanta a hóige féin.

- Cad iad na cosúlachtaí a aithníonn an mháthair idir í féin agus í ina déagóir óg faiseanta agus a hiníon féin anois?
- Cérbh í 'an bhean' a luann an file i líne a trí den véarsa seo, meas tú?
- Cén masla a thugann an mháthair don 'bhean' úd? Cad a thugann sí uirthi? (Nod: lorg ainmfhocal díspeagúil)
- Cad a rinne 'an bhean' sin atá cosúil leis an méid a dhéanann an mháthair sa lá atá inniu ann?

### (iii) Íoróin. 'Tá íoróin ag baint leis an véarsa seo'.

- **Aistriú eolais:** Ó do thaithí féin i bplé na litríochta (i nGaeilge na sraithe sóisearaí nó sa Bhéarla, mar shampla) cad is brí le híoróin? (Más gá, féach siar ar **Thasc B** ar lch. 1 sa mhír **Réamheolas ar an bhfiliocht mar sheánra** chun cabhair a fháil leis an gceist seo.)
- **Liosta stór focal a bhaineann le híoróin.** Seo thíos liosta focal a ghabhann leis an bplé ar a bhfuil i gceist le híoróin:

  Greann | greannmhar | aoir | magadh | magúil | scigmhagadh | paradacsa | searbhas | searbhasach

Cuardaigh brí na bhfocal sa liosta stór focal thuas, de réir mar is gá, trí úsáid a bhaint as foclóir clóite nó ríomhfhoclóir (foclóirí Gaeilge-Béarla nó foclóirí Gaeilge-Gaeilge .i. a mhíníonn focail trí mheán na Gaeilge).

- An bhfuil aon choincheap sa liosta stór focal a bhaineann le híoróin atá ábhartha i gcás an véarsa seo (véarsa a dó), dar leat? Mínigh do thuairim.
- Cad é go díreach atá íorónta faoin véarsa seo? Pléigh an cheist le do chomhscoláirí.

## 2.3 Cíoradh ar Véarsa 3

### (i) Trí ghlúin sa teaghlach céanna

Tá tagairt do thriúr ban sa dán seo:

- **An scéalaí sa dán**, ag dhá phointe éagsúla ina saol (a) í ina máthair mheánaosta anois (b) nuair a bhí sí ina déagóir óg í féin fadó
- **Iníon an scéalaí** atá ina déagóir anois
- **Máthair an scéalaí** agus í ina máthair mheánaosta fadó

I ngach líne i véarsa a trí, smaoiníonn an scéalaí ar an gcaidreamh idir í féin agus duine amháin eile .i. a hiníon féin **nó** a máthair féin (seanmháthair a hiníne).

- Abair **cén bheirt** atá i gceist i ngach líne thíos:

| | | |
|---|---|---|
| 1 | **Anois tuigim ciall na máthar sin:** | ________ agus ________ |
| 2 | **agus iníon óg a'm fhéin:** | ________ agus ________ |
| 3 | **is déanaim mar a mhol sí dhom:** | ________ agus ________ |
| 4 | **lena comhairle láidir thréan:** | ________ agus ________ |

### (ii) Ní thagann ciall roimh aois

Aithníonn an scéalaí go raibh sí cosúil lena hiníon nuair a bhí sí féin ina déagóir óg. Aithníonn sí freisin go bhfuil sí anois cosúil lena máthair féin.

- Conas mar a bhí an scéalaí cosúil lena hiníon féin uair amháin?
- Conas mar atá an scéalaí cosúil lena máthair féin anois?
- An léiríonn an seanfhocal 'Ní thagann ciall roimh aois' aon rud atá ábhartha do smaointe an scéalaí?
- An bhfuil íoróin ag baint leis an véarsa seo? (Féach pointe 2.2 (iii) ar lch. 6.)

## 2.4 Cíoradh ar Véarsa 4

### (i) Grá na máthar

I véarsa a ceathair, léiríonn an scéalaí tuiscint agus comhbhá lena hiníon. Meaitseáil an líne ar chlé as an dán (1–4 i gColún A) lena bhrí ar dheis (a-d i gColún B):

| | Colún A | | Colún B |
|---|---|---|---|
| 1 | **Is ceapann tú go dteipim ort,** | a. | agus tháinig fás ar an ngrá atá agam duit gach lá |
| 2 | **bhuel, tuigim duit, a chroí,** | b. | ó rugadh tú |
| 3 | **ach níl aon lá nár mhéadaigh mo ghrá** | c. | Síleann tú nach dtuigim tú |
| 4 | **ó tháinig tusa ar an saol.** | d. | ach tá léargas agam ar do chás, a stór |

| Líne | 1 | 2 | 3 | 4 |
|---|---|---|---|---|
| Brí | | | | |

### (ii) Caidreamh agus dearcaí difriúla

Is minic i gcaidreamh idir beirt go mbíonn easpa tuisceana ann. Síleann duine amháin nach dtuigeann an duine eile iad nó bíonn dearcthaí éagsúla acu ar an scéal.

- Ceapann an iníon nach dtuigeann a máthair í. Cén líne as véarsa a ceathair a léiríonn go bhfuil a fhios ag an scéalaí faoin dearcadh atá ag a hiníon uirthi?
- Cad é an cruthúnas / an fhianaise is mó atá ag an scéalaí le léiriú dá hiníon gur mór léi í?

**(iii) Do thuairim féin faoin dán ag an bpointe seo.** Obair ghrúpa labhartha

Roinn do chuid tuairimí pearsanta ar na ceisteanna seo a leanas le do pháirtí nó le grúpa comhscoláirí:

- An dtaitníonn an dán seo leat? Cad a thaitníonn / nach dtaitníonn leat faoi?
- Cad iad na téamaí bunúsacha atá sa dán, dar leat?
- An féidir leat ionannú leis an scéal sa dán? Is féidir do léargais a roinnt ag tosú mar seo a leanas:
  - Tá sé feicthe agam sa saol go mbíonn daoine...
  - Tá samplaí de sin tugtha faoi deara agam nuair a ______________ daoine...
  - Chonaic mé scannán / dráma ina raibh an cineál seo cáis...



## 1. Mothúcháin a chur in iúl

Tá mothúcháin iontach tábhachtach sa dán seo.

### Feasacht teanga. Obair aonair / obair bheirte

Tá na mothúcháin sa Ghaeilge suimiúil. Cuirtear iad in iúl ar chúpla bealach difriúil.

**(i)** Tá roinnt mothúchán a bhíonn 'ort' sa Ghaeilge. Tagann siad ort ar feadh tamaill agus ansin imíonn siad uait.

- Líon isteach **na gutaí** atá in easnamh sa liosta mothúcháin a bhíonn ort sa Ghaeilge.[1]

(Tabhair faoi deara go bhfuil cuid de na gutaí líonta isteach cheana féin.)

| | | |
|---|---|---|
| ___ t h ___ s | f r ___ s t r ___ c h ___ s | ___ a f ___ s |
| ___ ___ g l a | t ___ i r s ___ | f ___ i t í ___ s |
| b r ___ d | b r ___ n | d ___ o m ___ |
| f ___ ___ r g | u ___ i g n ___ ___ s | é ___ d |
| s c ___ n r ___ d h | g l ___ ___ n d ___ r | l ___ c h ___ i r |

- **Forainmneacha réamhfhoclacha*: Súil siar.** Líon isteach an ghreille thíos leis na forainmneacha réamhfhoclacha cuí. Tá ceann amháin líonta isteach duit mar shampla.

*Lorg brí na dtéarmaí gramadaí seo, más gá, i bhfoclóir clóite / ríomhfhoclóir.

| AR | | | |
|---|---|---|---|
| **Forainm uatha** | **Forainm réamhfhoclach le 'ar'** | **Forainm iolra** | **Forainm réamhfhoclach le 'ar'** |
| Mé | | Sinn (muid) | orainn |
| Tú | | Sibh | |
| Sé / sí | | Siad | |

**(ii)** Tá mothúcháin eile ann a bhíonn 'agat'.

- Líon isteach **na consain** atá in easnamh sa liosta móthúchán a bhíonn 'agat' sa Ghaeilge.[2]

(Tabhair faoi deara go bhfuil cuid de na consain líonta isteach cheana féin.)

| | |
|---|---|
| d ó ___ ___ a s | ___ u i s c i ___ t |
| g ___ á | f u a ___ ___ |
| m u i ___ í ___ | i o ___ t a o i ___ h |
| g ___ ái ___ | c o ___ h b ___ á |
| ___ i s ___ e a c h | ___ a o i s |

- **Forainmneacha réamhfhoclacha: Súil siar.** Líon isteach an ghreille thíos leis na forainmneacha réamhfhoclacha cuí. Tá ceann amháin líonta isteach duit mar shampla.

| AG | | | |
|---|---|---|---|
| **Forainm uatha** | **Forainm réamhfhoclach le 'ag'** | **Forainm iolra** | **Forainm réamhfhoclach le 'ag'** |
| Mé | | Sinn (muid) | |
| Tú | | Sibh | |
| Sé / sí | ___ / aici | Siad | |

[1] Ní liosta uileghabhálach é seo.

[2] Ní liosta uileghabhálach é seo.

(iii) Tá mothúcháin ar leith ann a gcuirtear síos orthu ar bhealach eile. Tá cúpla sampla thíos:

- Bhí mé in ardghiúmar
- Bhí mé buailte le héadóchas
- Bhí mé in ísle brí
- Bhí mé chomh ríméadach leis na cuacha
- Bhí mé in umar na haimléise
- An bhfuil samplaí eile ar eolas agat? Seiceáil do chuid freagraí leis an rang-ghrúpa.

Samplaí uait féin agus ó do chomhscoláirí:

## 2. Mothúcháin shonracha sa dán

**Aistriú eolais agus tuisceana**

Sna tascanna seo a leanas, bain úsáid as an tuiscint fhorbartha atá anois agat ar an gcaoi le mothúcháin a chur in iúl.

Roghnaigh **Tasc A** nó **Tasc B** thíos.

### (a) Tasc A: Ceisteanna díreacha ar na mothúcháin sa dán. Obair aonair scríofa / obair bheirte (plé)

Cuireann an file a lán mothúchán in iúl sa dán seo. Táimid chun iad a chíoradh anois go mion.

- Freagair na ceisteanna seo a leanas i d'aonar i scríbhinn.
- Ansin pléigh na freagraí atá agat le do chomhscoláire / leis an rang-ghrúpa.

**Véarsa a haon**

- Cad é an mothúchán a luann an scéalaí go sonrach i véarsa a haon?
- Cén duine a bhfuil an mothúchán sin uirthi?
- Cén fáth a bhfuil an mothúchán sin uirthi, dar leat?
- Cuireann an scéalaí in iúl i líne a haon go bhfuil mothúchán eile ar a hiníon (cé nach bhfuil an mothúchán ainmnithe). Cad é an mothúchán sin? Cad iad na focail a léiríonn go bhfuil an mothúchán sin i gceist?
- Cén fáth a bhfuil an mothúchán eile sin ar an iníon, meas tú?
- Conas a théann an véarsa seo i bhfeidhm ort féin? Cén mothúchán / cé na mothúcháin a mhúsclaítear ionat agus tú á léamh?

**Véarsa a ceathair**

- Cad é an mothúchán a luann an scéalaí go sonrach i véarsa a ceathair?
- Cén duine a bhfuil an mothúchán sin aici?
- Cé di agus cén fáth a bhfuil an mothúchán sin aici?
- Tá mothúchán eile ann i líne a dó sa véarsa seo. Cad é an mothúchán sin? Mínigh.
- Conas a théann an véarsa seo i bhfeidhm ort féin? Cén mothúchán / cé na mothúcháin a mhúsclaítear ionat agus tú á léamh?

**Véarsaí a dó agus a trí**

Ní ainmnítear mothúcháin go sonrach sna véarsaí seo ach go deimhin tá siad ann!

- Cé na mothúcháin atá intuigthe i véarsa a dó, dar leat? Mínigh.
- Cé na mothúcháin atá intuigthe i véarsa a trí, dar leat? Mínigh.

## An dán go léir. Obair ghrúpa

Is léir go dtagann mothúcháin éagsúla ar dhaoine difriúla ag tráthanna difriúla* sa dán seo.

***Tráthanna difriúla samplacha:** *i bhfad ó shin, le linn a hóige, san am i láthair*

- Líonaigí isteach an greille de na mothúcháin atá sa dán agus ainmnígí an duine / na daoine a bhfuil an mothúchán sin uirthi / orthu agus an chúis a dtagann an mothúchán sin aníos.
- Is féidir cur leis an ngreille más gá.

| Mothúchán | Duine / daoine | Tráth | Cúis |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

## (b) Tasc B: Tasc fiosraithe. Obair bheirte / ghrúpa

Luann an file dhá mhothúchán go sonrach sa dán, ceann amháin ag tús an dáin (i véarsa a haon) agus ceann eile ag deireadh an dáin (i véarsa a ceathair).

**Véarsa a haon agus Véarsa a ceathair**

- Cad iad an dá mhothúchán a ainmníonn an file go sonrach? Líonaigí isteach sna bearnaí thíos.

(i) ______________ **ag tús an dáin agus** (ii) ______________ **ag deireadh an dáin**.

- Ainmnígí an duine a bhfuil mothúchán (i) uirthi ag tús an dáin agus ainmnigh an duine a léiríonn go bhfuil mothúchán (ii) aici ag deireadh an dáin

(i) ______________ **ag tús an dáin agus** (ii) ______________ **ag tús an dáin.**

- Tá mothúchán eile a chuireann an file in iúl i líne a haon den dán, ainneoin nach n-ainmníonn sí an mothúchán. Ainmnígí an mothúchán atá i gceist, an duine a bhfuil an mothúchán sin uirthi agus na focail a chuireann an mothúchán sin in iúl dúinn:

**Mothúchán** ______________ **Duine** ______________ **Focail** ______________

- Tá mothúchán eile a chuireann an file in iúl i líne a dó i véarsa a ceathair, ainneoin nach n-ainmníonn sí an mothúchán. Ainmnígí an mothúchán atá i gceist, an duine ag a bhfuil an mothúchán sin agus na focail a léiríonn an mothúchán:

**Mothúchán** ______________ **Duine** ______________ **Focail** ______________

- Cad iad na smaointe a thagann chugaibhse agus na véarsaí seo á gcíoradh agaibh? Mínigí.
- An dtéann na mothúcháin sa dán i bhfeidhm oraibh féin? Mínigí.

**Véarsa a dó agus Véarsa a trí**

- Maidir leis na mothúcháin atá ainmnithe nó curtha in iúl i véarsa a haon agus véarsa a ceathair, tá na mothúcháin chéanna le sonrú i véarsa a dó agus a trí freisin. Cé hiad na daoine a raibh na mothúcháin sin orthu fadó mar is léir ón dán?
- Cad iad na focail i véarsaí a dó agus a trí a chuireann na mothúcháin sin in iúl?
- Cuirigí ciorcal thart ar aon mhothúchán eile sa liosta thíos atá le brath sa dán seo, dar libh:

dóchas | frustrachas | iontas | díomá | comhbhá | tuiscint | faitíos | brón

- Léirigí, trí thagairt don líne chuí as an dán, cén duine a bhfuil an mothúchán a roghnaíonn sibh uirthi nó aici
- Tacaigí le bhur dtuairimí trí phointí agus anailís a chur leo.

## 3. Róil agus tréithe na ndaoine a luaitear sa dán

Insíonn an scéalaí scéal pearsanta dúinn sa dán seo. (Cuimhnigh nach gá gurb ionann an scéalaí agus file an dáin, Áine Durkin.)

### (a) Róil an scéalaí i gcaidrimh teaghlaigh

- **Líon isteach na bearnaí.** Tá bearnaí sa chur síos thíos ar ghnéithe de chaidrimh an scéalaí le daoine éagsúla ina teaghlach. Tá liosta focal cabhrach ag bun an ailt le cabhrú leat na bearnaí a líonadh.

Tagraíonn an scéalaí di féin ina ról mar ____________ agus insíonn sí dúinn faoin ____________ atá aici lena hiníon ag pointe a bhfuil ____________ ag cur in aghaidh údarás a ____________. Ag an am céanna, tugann an scéalaí léargas dúinn ar a taithí féin agus í ina ____________ fadó agus ar an gcaidreamh a bhí aici lena ____________ féin.

Tagann athrú ar mheon ____________ trí dhul in aois agus leis an taithí a fhaigheann siad ar an saol, áfach. Ní fhaighimid pictiúr simplí aontoiseach d'aon duine sa dán, mar sin, ach pictiúr níos leithne de na carachtair a bhfuil an caidreamh atá eatarthu iontach 'normálta' agus ag an am céanna ____________ ina bhealach féin.

**Liosta focal cabhrach:**

**tuismitheora gcaidreamh mháthair máthair**
**casta déagóir an iníon daoine**

- **Plé rang-ghrúpa.** Cad a shíleann sibh de na tuairimí a chuirtear in iúl san alt gairid thuas faoi chaidrimh theaghlaigh an scéalaí?

### (b) Tréithe na gcarachtar i scéal an dáin


**Aidiachtaí.** Le cur síos ar thréithe an duine

Sa bhosca thíos, tá liosta de na haidiachtaí[3] a luaitear sa dán móide cinn ghaolmhara / chabhracha eile.

- Líon isteach na ciorcail sa **léaráid Venn** leis an aidiacht chuí don duine cuí, dar leat.
- Má tá – nó má bhí – an tréith sin ag beirt nó triúr de na daoine sa dán, scríobh isteach an tréith sin sna trasnuithe idir na ciorcail chuí.
- Pléigh do chuid freagraí le do chomhscoláirí.
- An dtugann sibh aon rud suimiúil faoi deara? Mínigí.

**Aidiachtaí cabhracha (don léaráid Venn):**

**láidir / tréan tuisceanach neamhaibí amaideach**
**leithleasach gontach / searbh foighdeach meidhreach**
**grámhar maslaitheach ciallmhar mífhoighdeach**
**faiseanta frustraithe gan tuiscint**




[3] Tá frása amháin sa bhosca nach aidiacht é ('gan tuiscint') ach atá ag feidhmiú in áit aidiachta

## (c) Feasacht teanga: Struchtúir chun cur síos ar dhaoine i gcomhthéacs an dáin seo

Tá roinnt slite (.i. struchtúir éagsúla) chun cur síos a dhéanamh ar dhaoine sa Ghaeilge. Tá sampla thíos de chur síos ar **iníon an scéalaí sa dán** mar léiriú ar úsáid na struchtúr:

| Struchtúr | Mar shampla: |
|---|---|
| **Is duine X / Ní duine Y í.** | **Is déagóir** faiseanta sona **í an iníon**. **Ní cailín** ciallmhar **í** i gcónaí, áfach. |
| **Duine X is ea í. Is léir gur…** | **Duine** gontach searbh **is ea í** uaireanta agus is léir **gur iníon** leithleasach í leis. |
| **Duine X atá inti.** | Is léir gur **cailín** neamhaibí **atá inti** ag an bpointe seo ina saol. |
| **Ní duine Y atá inti.** | **Ní déagóir** ró-thuisceanach **atá inti** go fóill beag ar aon nós. |

**Tabhair faoi deara:** In ionad 'duine' is féidir ainmfhocal cuí eile a úsáid. Léiríodh é sin sna samplaí thuas agus tá a thuilleadh féidearthachtaí (maidir leis an dán seo) thíos:

cailín | déagóir | bean óg | bean mheánaosta | seanbhean
páiste | máthair | seanmháthair | srl

- Cur síos ar 'charachtair' eile an dáin

Anois, bain úsáid as na struchtúir chearta chun cur síos ar an mbeirt eile sa dán .i. an scéalaí agus máthair an scéalaí (an tseanmháthair):

- Cén saghas duine í an scéalaí, faoi mar a léirítear í sa dán seo?
- Cén saghas duine í máthair an scéalaí, faoi mar a léirítear í sa dán seo?
- Cad a thugann an scéalaí faoi deara faoin ngaol a bhí aici lena máthair tráth agus faoin ngaol atá aici lena hiníon féin anois?

- **Plé breise ar na daoine sa dán**
  - Cén léargas a fhaigheann an scéalaí sa dán seo ar an gcaidreamh (a) atá aici lena hiníon agus (b) a bhíodh aici lena máthair tráth
  - 'Tá sé dodhéanta a bheith tuisceanach agus comhbháúil sula mbíonn taithí saoil agat'. An aontaíonn tú / sibh nó an easaontaíonn tú / sibh leis an ráiteas seo? Pléigí dhá thaobh an scéil mar rang-ghrúpa.
  - 'Ní thagann ciall roimh aois.' An bhfuil an seanfhocal seo áisiúil i gcomhthéacs plé ar an dán seo? Mínigí.

Féach tuilleadh faoi ábharthacht an tseanfhocail seo ar lch 7, 2.3 (ii).

## 4. Cosúlachtaí agus codarsnacht sa dán

Tá cosúlachtaí idir na mná sa dán seo agus tá difríochtaí eatarthu freisin.

- **Obair ghrúpa.** Bainigí úsáid as na struchtúir a léirítear duit sa bhosca '**Feasacht Teanga**' thuas chun na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.
  - Cad iad na tréithe comónta a bhí ag an scéalaí tráth agus atá ag a hiníon faoi láthair?
  - Cad iad na tréithe comónta atá ag an scéalaí anois agus a bhí ag a máthair siúd tráth?
  - An bhfuil mórdhifríochtaí idir aon bheirt sa dán seo? Má tá, cad iad?
  - Cé na codarsnachtaí atá sa dán ó thaobh mothúchán de? Léirigí.
  - Cén chodarsnacht atá idir cás an scéalaí san am i láthair agus cás an scéalaí i bhfad ó shin le linn a hóige?
  - An bhfuil aon chodarsnachtaí eile sa dán? Léirigí.

## 5. Téama na coimhlinte agus téama an ghrá

Uaireanta, bíonn caidrimh chasta idir baill teaghlaigh. Anuas air sin, is iondúil nach mbíonn caidreamh idir aon bheirt seasta nó 'reoite' amach is amach ach a mhalairt – bíonn caidreamh dinimiciúil agus fuinniúil. Fásann agus forbraíonn an gaol trí é a chothú.

### Coimhlint i gcaidreamh

Is léir ón dán go bhfuil ábhar aighnis éigin idir an scéalaí agus a hiníon. Tarlaíonn achrann eatarthu.

- Cuir tic in aice le haon cheann de na ráitis thíos a n-aontaíonn tú leo.

(i) **Dearcthaí an scéalaí agus a hiníne.** Obair aonair

- Tá peirspictíochtaí difriúla ag an mbeirt acu ar cibé ábhar aighnis a bhí eatarthu. _____
- Tá dearcadh na hiníne ar cibé scéal a pléadh iomlán difriúil ó dhearcadh a máthar. _____
- Géilleann an scéalaí do dhearcadh a hiníne. _____
- Níl tuiscint dá laghad ag an scéalaí do chás a hiníne. _____
- Léiríonn an iníon easpa measa ar a máthair. _____
- Ní éisteann ceachtar acu lena chéile. _____
- Is léir go bhfuil grá mór ag an scéalaí agus ag a hiníon dá chéile. _____

- **Ag roinnt tuairimí lena chéile.** Grúpaí triúir

Maidir leis na ráitis ar fad i dtasc (i) thuas, ag tabhairt seans do gach duine sa ghrúpa labhairt faoin gcéad ráiteas, duine i ndiaidh a chéile, ansin an dara ráiteas, duine i ndiaidh a chéile srl

- abair ar dtús cé chomh mór is a aontaíonn tú / nach n-aontaíonn tú leis an ráiteas. Cabhróidh an scála thíos leat.
- Ansin cuir cúis le do thuairim i ngach cás.

## Scála an aontaithe / easaontaithe

| –2 | –1 | 0 | +1 | +2 |
|---|---|---|---|---|
| Ní aontaím leis ar chor ar bith | Ní aontaím le gach rud ann | Nílim cinnte faoi. | Aontaím leis don chuid is mó | Aontaím go mór leis. |

- **Aistriú eolais**

Maidir leis na ráitis i dtasc 5 (i) ar lch 14 **nach** n-aontaíonn tú leo, an féidir leat iad a leasú ionas gur ráitis iad a n-aontaíonn tú leo? Bain leas as an stór focal agus as na nathanna ar fad atá bailithe agat tríd na tascanna éagsúla atá curtha i gcrích agat go dtí seo.

**(ii) Dearcthaí an scéalaí agus a máthar.** Plé grúpa

- Maidir leis na ráitis ar fhéach tú orthu i gcás an scéalaí agus a hiníon, an bhfuil aon cheann de na ráitis sin is féidir leat a athscríobh le bheith feiliúnach / oiriúnach do chás an scéalaí agus a máthar féin?
- An bhfuil aon rud íorónta faoi sin? Mínigí.

**(iii) Saibhreas teanga agus gaois (saíocht) na Gaeilge.** Plé rang-ghrúpa

- An dóigh libh go léirítear an ghaois (nó a mhalairt) atá in aon cheann de na seanfhocail thíos i gcás an dáin seo? Pléigí.

Ní thagann ciall roimh aois

Tagann ciall tar éis feirge

Ní féidir ceann críonna a chur ar cholainn óg

Briseann an dúchas trí shúile an chait

# 6. Teanga / friotal

## (a) Gaeilge laethúil chanúnach

Úsáideann an file **caint shimplí laethúil** agus **teanga chanúnach** sa dán seo ar bhealach an-éifeachtach.

**(i)** I ngrúpaí beirte, aimsigí trí shampla den chaint laethúil as an dán.

**(ii)** Léirigí trí shampla de theanga chanúnach sa dán. Bíodh samplaí difriúla agaibh i gcás na ceiste seo seachas na samplaí a thug sibh mar fhreagra ar cheist (i) thuas.

**(iii)** Roinnigí bhur samplaí leis an rang-ghrúpa.

## (b) Dátheangachas

Tá samplaí den mheascán den Bhéarla tríd an nGaeilge sa dán.

- Cad iad na samplaí den Bhéarla atá sa dán?
- Cén fáth a mbaineann an file úsáid as corrfhocail Bhéarla tríd an dán, meas sibh?
- An ndéarfá go gcuireann an dátheangachas le nádúrthacht na cainte sa dán?

## (c) Feasacht teanga: Códmheascadh agus cló

Tugtar 'códmheascadh' ar an nós atá ag cainteoirí teanga A focail as teanga B a shníomh trína gcuid cainte.

- An ndéanann tusa (nó do mhuintir nó do chairde) códmheascadh nuair a bhíonn an Ghaeilge á labhairt agat (acu)? Tabhair cúpla sampla.
- Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí den chódmheascadh, dar leat?
- Ó thaobh cló de, conas a dhéanann an file idirdhealú idir na focail Bhéarla agus an téacs Gaeilge?

## (d) Aistriú eolais

Is gnás seanbhunaithe é cló iodálach a úsáid chun samplaí de theanga eile a chur in iúl i dtéacs clóite.

- An bhfuil aon úsáid eile den chló iodálach tugtha faoi deara agat i dtéacsanna eile?

## 7. Rithim, rím agus ceol an dáin

Tá rudaí difriúla a chuireann le ceol na bhfocal i ndán.

### (a) Rithim

Tá rithim láidir sa dán seo a chuireann le ceol an dáin nuair a léitear os ard é.

- Cé mhéid buille atá i líne a haon de gach véarsa sa dán?
- Cé mhéid buille atá i líne a trí de gach véarsa?
- An bhfuil an líon céanna buillí i línte a dó agus a ceathair is atá i línte a haon agus a trí?
- Cad é an patrún, mar sin, ó thaobh na rithime de – roghnaígí an freagra ceart as na samplaí a thugtar thíos:
  - 4 / 4 / 4 / 4
  - 4 / 3 / 4 / 3
  - 3 / 4 / 3 / 4

### (b) Rím deireadh líne agus/nó comhfhuaim

Cuireann an file le ceol an dáin trí rím deireadh líne a úsáid.

- Abraigí véarsa a haon os ard arís. Éistigí leis na fuaimeanna ag deireadh na línte sa véarsa.
- An gcloiseann tú / sibh an chosúlacht fuaime idir deireadh líne a dó agus deireadh líne a ceathair: *searbh* agus *fearg*? Ainneoin nach bhfuil rím iomlán ann, tá fuaim na ngutaí mar an gcéanna sa dá fhocal sin. Tugtar **comhfhuaim** ar rím idir focail a bhfuil **fuaim na ngutaí** láir cosúil iontu.
- Aimsigí samplaí den comhfhuaim nó samplaí den rím iomlán ag deireadh línte sna véarsaí eile. Cad iad?
- **Cuimhnigí:** I gcanúint Chonamara, fuaimnítear 'ao' mar 'í' agus fuaimnítear 'romham' cosúil leis an bhfocal Béarla *room*.
- An féidir libh sampla de chomhfhuaim idir aon fhocal ina bhfuil 'ao' agus focal eile ina bhfuil 'í' a aimsiú? Cad iad na focail atá i gceist?
- An bhfuil patrún leanúnach rím deireadh líne sa dán seo?
- Roghnaígí an freagra ceart as na samplaí a thugtar thíos chun cur síos ar phatrún na ríme sa dán seo (má sheasann 'a' don fhuaim ag deireadh líne a haon, 'b' don fhuaim ag deireadh líne a dó má tá an fhuaim sin difriúil ón bhfuaim ag deireadh líne a haon srl.):
  1) a, b, a, b
  2) a, a, a, a
  3) a, b, c, b

### (c) Rím inmheánach

Cuirtear le pléisiúr an dán seo a léamh os ard de bharr go n-úsáideann an file rím inmheánach sa dán. Sampla amháin de seo ná sa líne:

> *"Ach níl aon **lá** nár mhéadaigh mo **ghrá**"*

- An féidir libh sampla(í) eile de rím inmheánach a aimsiú sa dán?
- **Cuimhnigí:** Is féidir le rím inmheánach a bheith ann idir focal ag deireadh líne amháin agus focal eile i lár an chéad líne eile.

### (d) Ceol an dáin trí chéile. Aistriú eolais

Scríobh alt gairid ar na teicnící fileata a úsáideann an file chun dán deas ceolmhar a scríobh atá pleisiúrtha chun éisteacht leis.

### (e) Íomhánna

Cuireann an file cúpla íomhá (pictiúr) ghléineach os ár gcomhair ar bhealach iontach simplí agus i mbeagán focal.

- Cén íomhá den iníon a chuireann an file faoinár mbráid?
- Cén íomhá a thugann an file dúinn den mháthair / scéalaí sa dán?
- Cén íomhá a chuirtear in iúl den scéalaí mar mháthair óg?

## 1. Ceisteanna gairide a fhreagairt

(a) **Cad is ainm don fhile a scríobh an dán 'Iníon'?**

(b) **Cad as don fhile? Tabhair samplaí de chanúint (Gaeilge) an fhile sa dán. Is leor dhá shampla.**

(c) **Luaigh téama amháin atá sa dán? Mínigh beagán faoi léiriú an téama sin sa dán. Is leor dhá phointe.**

(d) **Cén sórt atmaisféir atá sa dán seo? Léirigh le tagairtí don fhoclaíocht sa dán.**

(e) **Rud amháin a thaitníonn leat nó rud amháin nach dtaitníonn leat faoin dán (nach bhfuil luaite agat i do chuid freagraí ar cheisteanna (a) – (d) thuas). Mínigh / léirigh.**

## 2. Ceisteanna gairide eile a fhreagairt

**(a)** Ainmnigh mothúchán amháin atá sa dán 'Iníon' le hÁine Durkin.

**(b)** Déan cur síos ar an léiriú atá ar an mothúchán sin sa dán. Is leor **dhá phointe**.

**(c)** Conas a chuaigh an dán seo i bhfeidhm ort féin? Is leor **dhá phointe** a lua.

**(d)** Maidir le teicnící filíochta a úsáideann an file sa dán, roghnaigh péire (**dhá cheann**) as an liosta teicnící thíos agus déan cur síos gairid ar éifeacht na dteicnící sin sa dán. Is leor **pointe amháin** i gcás gach teicníc a roghnaíonn tú.

**Liosta teicnící filíochta:** rím | rithim | teanga shimplí | caint chanúnach | codarsnacht

## 3. Iontrálacha dialainne

Scríobh **dhá iontráil dialainne** as an rogha thíos, ag léiriú do chuid tuisceana ar an dán 'Iníon' le hÁine Durkin.

**(a)** Dialann na hiníne a scríobh: an oíche i ndiaidh na hargóna lena máthair

**(b)** Dialann na máthar a scríobh: an oíche i ndiaidh an achrainn lena hiníon

**(c)** Dialann mháthair na máthar (.i. an tseanmháthair sa dán) a scríobh: an oíche (fadó) a raibh aighneas idir í agus a hiníon (an scéalaí) a bhí ina déagóir ag an tráth sin.

## 4. Alt gairid a scríobh

'Tá an dán seo faoi thriúr ban atá (nó a bhí) ag pléascadh le mothúcháin láidre'. Déan tagairt d'fhoclaíocht nó do línte cuí as an dán chun tacú leis na pointí a dhéanann tú in alt gairid ag cur síos:

- ar na mothúcháin éagsúla a thugaimid faoi deara sa dán
- ar bheirt de na daoine difriúla sa dán agus ar na tréithe atá acu mar dhaoine, dar leat.

## 5. Rólaithris ar na daoine sa dán

Roghnaigh idir (a), (b) agus (c)

**(a)** Samhlaigh agus scríobh tús an chomhrá a bhí ag an scéalaí lena hiníon ag léiriú cúis an achrainn agus na cineálacha rudaí a dúirt an bheirt acu lena chéile roimh thús an dáin.

(**Tabhair faoi deara:** Tosaíonn an dán é féin ag deireadh an chomhrá).


**(b)** Samhlaigh agus scríobh an comhrá achrannach a bhí ag an scéalaí (agus í ina déagóir óg) lena máthair féin na blianta ó shin.

**(c)** Samhlaigh agus scríobh an comhrá a bhí ag iníon an scéalaí le dlúthchara dá cuid agus í ag insint di faoin argóint (aighneas) a bhí aici lena máthair.

Cibé rogha a dhéanann tú:

- ceap cúis leis an argóint / aighneas agus bíodh sé sin mar ghné shoiléir den chomhrá
- samhlaigh na cúiseanna atá **ag an iníon** le bheith ag lorg cead a máthar agus na cúiseanna a shíleann sí a máthair a bheith ag caitheamh go míchothrom / go mífhéaráilte léi, dar léi
- na cúiseanna atá **ag an scéalaí** le gan chead a thabhairt dá hiníon leanúint ar aghaidh le cibé rud atá sí ag iarraidh a dhéanamh
- iarr ar chomhscoláire leat páirt a ghlacadh leat i dtaifead ar an gcomhrá (le ról carachtair amháin agatsa agus ról an duine eile ag do pháirtí) nó déanaigí an comhrá a chur i láthair os comhair an ranga.

## 6. Díospóireacht / óráid. Roghnaigh idir (a) agus (b)



**Rún:**

'Ní thagann ciall roimh aois'

**NÓ**

'Is fusa comhairle a thabhairt ná a ghlacadh'

**(a)** Díospóireacht a scríobh **ar son nó i gcoinne** ceann de na rúin thuasluaite, ag tagairt don dán 'Iníon' le hÁine Durkin agus don saol mór i gcoitinne freisin.

**(b)** Óráid a scríobh ag tabhairt **dhá thaobh an scéil** i gcás an rúin a roghnaigh tú, ag tagairt don dán 'Iníon' le hÁine Durkin agus don saol mór i gcoitinne freisin.

**Déan an óráid a scríobh tú a thaifead nó a chur i láthair sa rang (nó déan an rún díospóireachta a phlé ó bhéal le do chomhscoláirí).**

## 7. Taitneamh an dáin (nó a mhalairt)

Maidir leis an dán 'Iníon' le hÁine Durkin, abair an dtaitníonn (nó nach dtaitníonn) an dán seo leat agus cuir cúiseanna le do thuairim. Is leor **ceithre chúis** a roghnú as an liosta thíos:

- suíomh réalaíoch an dáin: saoltaithí an duine óig
- teanga chanúnach an fhile sa dán
- simplíocht na cainte sa dán
- rím sa dán
- rithim an dáin
- íomhánna sa dán

## 8. Simplíocht agus castacht an dáin

'Ainneoin gur dán gairid simplí é an dán seo ar bhealaí (ar shlite) áirithe, tá sé casta go leor ar bhealaí eile.'

An ráiteas thuas a phlé ag tagairt do **ar a laghad trí cinn** de na rudaí seo a leanas:

- suíomh / comhthéacs an dáin, faoi mar a thuigimid é
- teanga (friotal) an dáin
- na mothúcháin sa dán
- amlíne an dáin, bunaithe ar an am i láthair (an tráth ina bhfuil scéalaí an dáin ag labhairt) agus ar chuimhní cinn an scéalaí. Na codarsnachtaí atá i gceist thar an tréimhse ama sin a léiriú agus a phlé.

## 9. Formáid an dáin: Comhrá

'Tá an dán seo i bhfoirm chomhrá ó bhéal idir máthair agus iníon. Fiú nuair nach bhfuil an iníon fós ann chun éisteacht léi, leanann an mháthair ar aghaidh ag caint léi, ag iarraidh a seasamh a mhíniú di'.

An ráiteas thuas a phlé ag tagairt do phéire de na gnéithe seo thíos den dán:

- an cineál ábhair chomhrá atá i gceist idir an bheirt (máthair agus déagóir), dar leat
- na dearcthaí atá ag an iníon óg agus ag a máthair ar a chéile
- tuin na cainte eatarthu, dar leat, agus atmaisféar an dáin
- an míniú a thugann an scéalaí dá hiníon ar a peirspictíocht mar mháthair (fiú agus an iníon tar éis iompú agus b'fhéidir imeacht uaithi)





NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment